

Title	An Gemeinschaft oileánda: Léiriú socheolaíochtúil ar an leabhar, An tOileánach
Authors	NI Riain, Isobel
Publication date	2017
Original Citation	NI Riain, I 2017, 'An Gemeinschaft oileánda: Léiriú socheolaíochtúil ar an leabhar, An tOileánach', Béascna, vol. 10, pp. 35. < https://www.academia.edu/33702746/_An_Gemeinschaft_Oile%C3%A1nda_l%C3%A9iri%C3%BA_sochela%C3%ADocht%C3%Bail_ar_an_leabhar_An_tOile%C3%A1nach_B%C3%A9ascna_10_2017_35_48 >
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	https://www.academia.edu/33702746/_An_Gemeinschaft_Oile%C3%A1nda_l%C3%A9iri%C3%BA_sochela%C3%ADocht%C3%Bail_ar_an_leabhar_An_tOile%C3%A1nach_B%C3%A9ascna_10_2017_35_48
Rights	© 2017, the Author.
Download date	2026-10-26 11:16:27
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/18566



UCC

University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

An Gemeinschaft Oileánda: léiriú socheolaíochtúil ar an leabhar *An tOileánach*.

Isobel Ní Riain

Réamhrá:

San alt seo beidh mé ag féachaint ar an bpobal beag mar dhlúthchuid de litríocht na Gaeilge. Rinne mé fhéin staidéar ar an bpobal beag agus tráchtas á scríobh agam ar Mháirtín Ó Direáin sna nochaidí. Sa staidéar sin phléigh mé oileán Árann i dtéarmaí an *Gemeinschaft* ag Ferdinand Tönnies. Mar rud idéalach a d'fhéach an Direánach ar phobal an oileáin sin. Gan amhras, is mar thíopa idéalach a fheidhmíonn an coincheap '*Gemeinschaft*' i saothar Tönnies féin.

San alt seo is ionann an pobal beag agus an rud go nglactar 'community' air sa Bhéarla. Is mar útóipe a chonacthas 'community' do scríbhneoirí luatha an ré nua (*modernity*) dar le Gerard Delanty, ba rud é an útóipe seo a bhí caillte ach a d'fhéadfaí a chur ar fáil arís (Delanty, 2010: 4). Útóipe caillte ab ea Árann i saol Uí Dhireáin agus útóipe ab ea é sin a d'athchruthaigh sé san fhilíocht.

Ní i gcónaí a bhíonn tréithe maithe ag baint leis an bpobal beag, áfach, i litríocht na Gaeilge. Má chuimhnímid ar ghearrscéalta Phádraic Uí Chonaire, gearrscéalta Liam Uí Fhlaithearta agus scríbhneoireacht Mháirtín Uí Chadhain, feicfimid go minic gur daoine atá as alt leis an bpobal nó go bhfuil cos ar bholg á imirt orthu ag an bpobal atá mar ábhar ag na scríbhneoirí seo. Bíonn ar Nóra Mharcais Bhig (Uí Chonaire) an baile a fhágaint faoi dhó toisc nach bhfuil sí in ann cloí le rialacha mórálta an phobail sin, beidh ar Cháit fear a phósadh nach bhfuil aon ghrá aici dó sa scéal *Teangabháil* (Uí Fhlaithearta), tá Bríd as alt leis an bpobal go bhfuil sí pósta isteach ann sa scéal *An Bóthar go dtí an Ghealchathair* (Uí Chadhain). Ní thagann an pictiúr den phobal beag a chruthaíonn Ó Flaithearta, Ó Conaire agus Ó Cadhain leis an bpictiúr a chruthaíonn Ó Direáin.

Is é an cuntas is iltaobhaí ar an bpobal beag ná cuntas Thomáis Uí Chríomhthain ar a shaol féin sa Bhlascaod – *An tOileánach*. Tá idir drochrudaí agus rudaí maithe ag baint leis an saol sin. Bíonn daoine ag fulaingt: deineadh leatrom ar a dheirfiúr Máire nuair a fuair a fear céile bás ach d'éirigh léi an dlí a chur ar mhuintir a céile ina dhiaidh sin; níor éirigh le Tomás féin a rogha cailín a phósadh, ghéill sé do rogha a dheirfiúr agus bhí sé sásta go leor ina dhiaidh sin. Is cinnte gur tharla rudaí brónacha i saol Thomáis ach ní dhéanann sé tragóid as na rudaí sin. Glacann Tomás le pé rud a tharlaíonn. Agus ar shlí tá cuid den leabhar níos brónaí go mór as ucht an chur chuige seo ná mar a bheadh dá mbeadh an t-údar ag iarraidh sinn a chur ag gol. Is féidir féachaint ar an saothar *An tOileánach* mar bheathaisnéis agus mar phíosa litríochta (Ó Héalaí, 1970). Is mar mheascán den dá ní a fhéachfaidh mé air anseo.

Teoiric Tönnies:

Bainfidh mé úsáid as teoiric Ferdinand Tönnies¹ san alt seo chun gnéithe éagsúla den saol sa Bhlascaod Mór a léiriú. *Gemeinschaft* an téarma ag Tönnies le haghaidh an phobail bhig thraidisiúnta faoin tuath. Is é an téarma is cóngaraí dó as Béarla ná ‘community’ nó ‘village’. Rinne mé plé sách cuimsitheach ar an teoiric seo sa leabhar *Carraig agus Cathair – Ó Direáin* a foilsíodh sa bhliain 2002. Sa leabhar sin míním teoiric Tönnies maidir leis an *Gemeinschaft* agus an *Gesellschaft*. Is fiú cuimhneamh gur tíopaí idéalacha ag Tönnies na téarmaí *Gemeinschaft* agus *Gesellschaft* (téarma is féidir a úsáid i gcás phobal na cathrach agus atá mar mhalairt ar fad ar an *Gemeinschaft* is ea an *Gesellschaft*.) Ní fiú bheith ag súil leis go bhfreagródh aon áit dosna téarmaí seo go cruinn. Cabhraíonn an téarmaíocht seo linn, áfach, tuiscint a fháil ar shaol an Bhlascaoid Mhóir faoi mar a chabhraigh sé linn tuiscint a fháil ar Árann ag tosach an fichiú aois. Seo slíocht agam as an leabhar a luaigh mé thuas:

Is pobal beag an *Gemeinschaft* – an baile beag fraoin tuath, mar shampla, nó an *village* mar a thugtar air sa Bhéarla. Sa phobal seo maireann daoine a bhfuil gaol fola eatarthu lena chéile. Go bunúsach is féidir a rá gurb é saol an chine, *family life* Tönnies, cnámh droma an *Gemeinschaft*. Bíodh go mbíonn gaol fola idir na daoine seo, ámh, is é an caidreamh atá acu go léir leis an talamh, agus le saothrú an talaimh sin, an rud is mó a nascann na daoine le chéile. Oibríonn siad lena chéile agus cabhraíonn siad lena chéile ar gach leibhéal. Sa *village* seo bíonn seilbh chomhchoiteann ag muintir an bhaile ar an talamh. Tagann siad le chéile chun cúrsaí feirmeoireachta a phlé agus chun fadhbanna a réiteach. Níl aon difríocht ó thaobh aicme sóisialta de idir na daoine seo (Tönnies 1963: 257). Níl aon tábhacht le *hindibhidiúlacht* sa phobal seo. Níl aon tábhacht ag baint le haon duine ar leith sa phobal seo ach an tábhacht a bhaineann leis mar bhall den phobal iomlán. Tá an reiligiún an-tábhachtach sa comhthéacs seo. Is é is brí le reiligiún ná na gnása a ghabhann le cleachtadh an chreidimh. Tugann sé seasamh do thuiscintí agus do ghníomhartha áirithe agus séanann sé tuiscintí agus gníomhartha eile. (Ní Riain, 2002: 11)

D’fhéadfaí a áiteamh go mbíodh comhoibriú ar siúl go laethúil ar an mBlascaod. Bhíodh daoine ag iascaireacht le chéile. Ba le daoine áirithe an talamh, ní seilbh chomhchoiteann a bhí i gceist ansin ach ba le gach duine an fharraige. Níor éirigh liom fós fáil amach an seilbh chomhchoiteann a bhíodh i gceist ar an gcnoc agus an mhóin á baint. B’é an pointe is tábhachtaí a bhí á dhéanamh agam sa leabhar thuas ná nach raibh ‘indibhidiúlacht’ tábhachtach ar Oileán Árann agus gur bhain an Direánach indibhidiúlacht amach mar fhile tar éis dó an t-oileán a fhágaint. Bhí sé le tuiscint as an méid sin nach mbainfeadh sé indibhidiúlacht amach murach gur fhág sé an *Gemeinschaft*. Is sa *Gesellschaft* is mó a bhíonn indibhidiúlacht le fáil. Is léir, áfach, go mbaineann Tomás Ó Criomhthain féiniúlacht de shaghas éigin amach tríd an leabhar a scríobh sé ar a shaol féin – *An tOileánach* – is eisean laoch an leabhair sin. Cá bhfágann sé seo teoiric Tönnies? Is í an argóint a dhéanfaidh mé anseo ná gur tháinig an *Gesellschaft* chuig Tomás san Oileán. Níor ghá dó an baile a fhágaint. Ní cóir cuimhneamh ar an *Gemeinschaft* agus ar an *Gesellschaft* mar áiteanna. Cé go samhlaítear an *Gemeinschaft* leis an bpobal beag agus an *Gesellschaft* leis an gcathair,

¹ Socheolaí Gearmánach ab ea Tönnies (1855-1936). Foilsíodh *Gemeinschaft und Gesellschaft* sa bhliain 1887 agus foilsíodh aistriúchán Charles Loomis ar an leabhar sin, *Community and Society*, sa bhliain 1957.

ní fhágann sé sin gurb áit fhisiciúil ceachtar acu. Is é an saghas caidrimh a bhíonn ann idir daoine a bhíonn i gceist leis an téarma *Gemeinschaft* agus saghasanna eile caidrimh idir daoine a bhíonn i gceist leis an téarma *Gesellschaft*.²

An Pobal Beag:

Mar a deir Seosamh Céitinn ní hamháin go dtugann Tomás cuntas air féin agus ar a mhuintir, tugann sé cur síos ‘ar an bpobal ar de é féin’ (Céitinn, 1992: 41) freisin. Is é an bun-ábhar a tharraingíonn Tomás chuige sa leabhar ná saol an bhaile bhig ar an mBlascaod Mór, an iascaireacht, an bhádóireacht. Is *Gemeinschaft* an baile beag. Is pobal dlúth an *Gemeinschaft* ina gcabhraíonn daoine lena chéile chun teacht slán. An-mhinic bíonn baill an phobail bhig gaolmhar lena chéile. Is mar sin a bhí i gcás pobal an Bhlascaoid. Deir Seoirse Mac Tomáis:

Ní raibh aon chúrsaíocht airgid laistigh den Oileán, ach amháin mar spré. Ní raibh máistir ná seirbhíseach ina measc, ach iad go léir dlúite le chéile ar an dá thaobh le gaol fola agus cleamhnais; gan fiche slat idir aon dá theaghlach acu; an tslí bheatha chéanna acu uile; gach fear acu ina ilcheardaí agus iad ag fiach agus ag iascach i gcomhar le chéile, ionas gur chosúil leis an aon chlann iad. (Mac Tomáis, 1977: 26).

Léiríonn an cuntas ar an lá go mbíonn an líon lán d’iasc agus go mbíonn ganntanas fear ann chun bád eile a chur amach an cur le chéile a bhíonn riachtanach sa *Gemeinschaft*. Leanann a lán oibre an t-iasc seo go léir a chur ar salann (O. 110). Go moch an mhaidin dár gcionn tagann mac na caillí bhéal doiris go dtí doras Thomáis. Tá an chailleach féin breoite agus tá an sagart ag teastáil. Bíonn ar Thomás éirí amach as an leaba agus tabhairt faoin turas (Ibid). Dealraíonn sé go bhféadfadh glaoch teacht am ar bith le haghaidh cabhrach d’aon saghas. Más féidir linn Tomás a chreidiúint ba mhinicí daoine ag glaoch air féin ná ar éinne eile san oileán. Ach b’fhéidir go bhfuil iarracht den laochas ag baint leis seo. Arís agus é ag caint faoi chúrsaí talmhaíochta, bíonn sé réidh chun síol a thabhairt dosna comharsana:

Rud eile do bhí insa scéal, is mó duine don chomharsain do thug a bheannacht dom, mar do shíninn mo lámh go minic chúthu in easnamh síl. (Ibid 223)

B’fhéidir nárbh aon eisceacht Tomás maidir le flaithiúlacht san áit sin. Ach mar sin féin, dealraíonn sé i gcónaí go bhfuil sé an-mhaith chun airgead a dhéanamh agus go mbíonn sé flaithiúil ag an am gcéanna:

Do thugas chúig phuint déag ó Dhaingean Uí Chúise liom ar mo chuid pollóg, I dteannta gur mó duine muinteartha do fuair feidhre acu, agus iad go flúirseach insa tigh againn féin. (Ibid 248)

Léiríonn an pointe seo go raibh tábhacht leis an airgead san Oileán bíodh nach raibh ‘cúrsaíocht airgid’ ar siúl ann (Mac Tomáis thuas).

² Déanann Gerard Delanty an pointe go mbaineann ‘a sense of community that incorporates certain elements of associative life’ leis an *Gemeinschaft*. (Delanty, 2003: 32)

Feictear an pobal go léir ag iománaíocht lá Nollag ar an oileán. Tugann Tomás cuntas an-ghreannmhar ar an dochar a dhéantar do gach éinne le linn dóibh a bheith ag imirt:

...do bhíodh comórtas báire le beith ar siúl, agus an baile go léir ceangailte isteach insa chluiche báire....Ar feadh dhá lá dhéag na Nollag, ní bhíodh sé i gcumas aon fhir insan Oileán an bhó do bhagairt chuin cnoic le tinneas droma agus tinneas cnámh; cos dhubh age beirt; fear eile ar leathchois go ceann mí. (Ibid 160)

Is léir go raibh an cluiche seo tábhachtach don phobal. B'fhéidir gur oibríodar amach aon easaontas a bhí eatarthu ar an trá an lá sin sa tslí go raibh an teannas agus an drochfhuil ídithe ag deireadh an lae agus go rabhadar ábalta leanúint ar aghaidh ansin mar phobal.

Gan amhras, ní cóir idéalú a dhéanamh anseo ar phobal an oileáin. Níorbh ionann gach duine acu, cé gur mar 'oileánaigh' nó 'muintir an Bhlascaoid' a chuirtear na daoine seo os ár gcomhair go minic sa leabhar. Bhí saintréithe ag roinnt leo. Mar a deir Tomás féin linn ní raibh aon mhaith i dTomás Maol mar cheardaí agus ní ligeadh an tonn taoscach dá mhac dul ag iascaireacht. Bhí muintir an tí sin ag brath go mór ar theaghlach Thomáis Uí Chriomhthain go laethúil. Ach féach go raibh an chabhair le fáil acu. Más fíor an cuntas ag an gCrimhthanach níor nós leis an t-eiteach a thabhairt d'éinne a bhí i ngátar d'aon saghas (Ibid 320). Mar sin féin, bhí Tomás agus a dheartháir Peaidí sásta dul amach ag iascach gleamach san oíche i ngan fhios don phobal. Bhíodar sásta buntáiste a bhreith ar dhaoine eile ar mhaithe leo féin:

Aon oíche do bhíodh breá as san amach do chaithimís amuigh í, insa tslí go raibh ana-sheilg ag titeam linn i ngan fhios. (Ibid 239)

Bhíodh formad ann leis is dealraitheach maidir le dul chun cinn daoine áirithe seachas daoine eile:

'Sea, do bhogamair linn aniar, agus do bhí formad maith linn ag an muintir do bhí abhas. Bhí ár n-ualach do choiníní saille againn, agus gan ag an gcuid abhus ach feamnach agus móin is aoileach. (Ibid 138)

Tá a thuilleadh tráchtar ar fhormad sa chuntas. Tagann deireadh leis an scoil damhsa de dheasca an fhormaid a bhíonn ag an dream a d'íoc as na ranganna le héinne eile gur theastaigh uaidh tabhairt faoi na ranganna.

'Sé an formad céanna atá ag lat na tíre fós, agus do bheidh is baolach. (Ibid 100)

Bíodh sin mar atá d'éirigh le Tomás ceachtanna damhsa príobháideacha a fháil roimis seo agus: 'Níor rófhada go rabhas im rincoir iontach...' (Ibid) Cá bhfios an ag magadh nó i ndáiríre atá sé anseo.

Cé go mbíonn daoine gaolmhar lena chéile, uaireanta ní chabhraíonn siad lena chéile sa *Gemeinschaft* seo. Sa phíosa seo táthar ag dul go dtí an Daingean:

Fén mar 'dúrt cheana, dob fhearr Diarmaid ná an chuid eile go léir. Níor chuir an chuid eile chúm ná uam, cé go raibh an méid do bhí ag dul inti gaolmhar dom. (Ibid 141)

Arís nuair a thógann Tomás tigh nua, tá sé le maíomh aige gurbh é féin a thóg gan chabhair ó éinne:

Do bhí an gníomh san déanta agam gan cloch ná mairtéal do shíneadh chúm... (Ibid 251)

Tugann sé le tuiscint, áfach, go gcabhraíodh daoine lena chéile chun teach a thógaint, bíodh nach mar sin a bhí ina chás féin:

Do chlocha agus do mhairtéal chré a bhíodh na tithe sin déanta, agus gan mórshlacht ar a lán acu, mar do bhíodh deabhadh leo agus lámh gach éinne iontu. (Ibid 332)

Tagann Tomás agus a pháirtithe sa bhád ar chopar agus ar phrás faoi uisce. Éiríonn leo féin roinnt mhaith de a fháil agus díolann siad le daoine uaisle é. Níor theastaigh uathu go mbeadh a fhios ag cách faoi seo ionnas go bhféadfaidís dul thar n-ais ann agus tuilleadh a fháil. Ní raibh siad toilteanach gach rud a roinnt lena gcomhoileánaigh:

Mar ná bíonn rún age mórán daoine, do scéigh sé ó dhuine éigin againne, leis, cár chaitheamair an lá agus cad do bhuail linn, agus na daoine uaisle do cheannaigh an prás agus an copar agus, do dheascaibh gan an rún do choimeád, do chonacamair ár gcuid dos na mianaigh, mar, sara rabhamair lena chéile larnamháireach, do bhí báid an bhaile imithe. 'Sea, chuinn crích do chur ar an gcumar, níor mhór na punt eile do baineadh as riamh ó shin. Tá deáramh go raibh a raibh ann soiléir le feiscint an chéad lá, mar ceann fada fánach d'fhág riamh ó shin é. (Ibid 257)

Bíodh go gcabhraíonn muintir an phobail le chéile, go mórmhór agus iad ag iascach, ní fhágann sé sin gurb ionann gach duine acu. Bíonn daoine níos fearr ná a chéile chun éirí as an leaba agus tabhairt faoin obair:

Seanfhocal is ea é nách gnáthach iasc age liairní díomhaoín. Do bhí iasc againne mar nár liairní sinn, agus an mhuintir do bhí amhlaidh, agus ina gcodladh, ní raibh iasc acu. (Ibid 291)

An-mhinic agus daoine ag plé an phobail bhig faoin tuath, deineann siad idéalú iomlán ar a thréithe. Bíonn daoine foirfe ag maireachaint ann agus gach duine ag cabhrú lena chéile. Is annamh a fhaighimid an t-impreisiún seo ó Thomás. Cé go mbíonn Tomás dian agus an-dian ar dhaoine, fós is léir go raibh tábhacht le gaolta agus le comharsana ina shaol:

I bhfaid is i ngéire do bhí an oíche ag dul agus, cé nár ligeas orm leo san é, do bhí scanradh i dtaobh an bháid do bhí imithe orm. Níorbh iontas dom san, mar do bhí a thuilleadh dom ghaolta inti. Rud eile, mara mbeadh aon ghaol dom inti, nách minic do ghoillfeadh comharsain mhaithe ar dhuine? (Ibid 148)

Ní theipeann ar an ngreann go deo sa scéal. Ag caint dó ar mhuintir an oileáin agus an plúr agus an mhin a tugadh dóibh saor in aisce nuair a bhí ganntanas bia ann, deir sé go raibh gach duine sásta an bád a fholmhú:

Is orainn ná raibh an leisce chuinn san do dhéanamh, mar do bhí a raibh inti factha in aisce againn agus, pé galar do scar linn, níor scar an galar san fós linn, ‘sé sin, dá mbeadh aon ailp chóir le fáil in aisce againn, ní bhuailfeadh puinn daoine leat ba thúisce go mbeadh sé saothraithe acu ná againn. (Ibid 269-270)

Ní bhíonn aon leisce ar Thomás an fhírinne a insint fiú más ina choinne féin nó i gcoinne na n-oileánach eile a rachaidh an cuntas sin. Bíonn an greann géarchúiseach céanna le feiscint tríd síos.

Cé go dtugann sé pictiúr desna hoileánaigh a thagann trasna go minic ar an bpictiúr a shamhlaítear leis an *Gemeinschaft*, fós féin ag deireadh an lae tá an méid seo le rá aige fúthu:

Do thugaimís ár mbóthar abhaile mar seo, go mín macánta, tar éis gach ragairne, mar ‘bheadh clann aon mháthar, gan díth ná díobháil a dhéanamh dá chéile. (Ibid 327)

Mhair na daoine seo go sítheach grách ar an iomlán is dócha. Ní raibh riamh aon achrann idir é féin agus a chomharsana ach go háirithe (Ibid 325).

Tá iarracht den idéalú le brath sa sliocht thíos ach b’fhéidir gurb é an ginearálú faoi deara sin:

Daoine bochta saonta sinn, ag cur an tsaoil dinn ó lá go lá; b’fhéidir nárbh fhearra dhúinn a bheith ‘ár scanróirí. Bhíomair oilte toilteanach leis an slí bheatha do cheap an Máistir Beannaithe dhúinn do dhéanamh gan leisce, ag treabhadh na mara go mion minic gan súil le dul chuinn cinn, ach ár ndóchas i nDia. Malairt meoin againn nár dhearthach le chéile. Suáilc linn féin againn, agus ár lochtaí beaga féin ag baint linn comh maith. Níor cheileas na tréithe fóna ná na lochtaí beaga do bhí ag baint linn ach comh beag agus do cheileas an cruatan agus an t-anró do bheireadh orainn, agus gan an tarna dul suas againn gan gabháil thríd. (Ibid 326)

Féinaitheantas mar scríbhneoir:

Cruthaíonn Tomás *féiniúlacht* / *self* trí leabhar a scríobh air féin agus ar a chomharsana. Ní hé go dtagann sé ar rud a bhí faoi cheilt, ach cruthaíonn sé rud as an nua. Cabhraíonn múnla an laoich leis an bpróiseas seo, ach is é an rud is suaithinsí ná an léamh a dhéanann Tomás air féin sa chuntas. Rud atá nua-aimseartha amach is amach. Dar le Paul Riceour bíonn *interpretation* / míniú i gceist nuair a bhíonn féin-eolas á chruthú:

Self-knowledge is already an interpretation which is no easier than any other, and indeed probably more difficult, since I understand myself only by means

of the signs that I give my own life and which are returned to me via others.
All self-knowledge is mediated through signs and works. (Riceour, 1988: 51)

Is tríd an leabhar a scríobh a thagann Tomás ar thuiscint air féin. Roimis sin ní raibh ann ach eachtraí go raibh sé páirteach iontu, gnáthshaol an phobail bhig ar oileán mara:

Man learns about himself only through his acts, through the exteriorisation of his life and through the effects it produces on others. He comes to know himself only by the detour of understanding, which is, as always, an interpretation. (Ibid 52)

Is trí bhailiú na n-eachtraí éagsúla le chéile, agus na gcomhráití a bhíonn ag daoine lena chéile, agus na rudaí seo a chur síos i bprós is ea a chruthaítear féin-aitheantas. Is é an rud is mise ann ná an duine a bhí páirteach ins na hócáidí laethúla seo go léir. Tagann ann don *self* trí mheán na scríbhneoireachta:

Malraux is offering us an integrated self, a self within-the-world, a self which is pure exteriority. To Malraux, self-knowledge, self-discovery, is an illusion. Self cannot be discovered since it is not there; it is a vacuum to be filled from the outside. It has to be created. Hence the necessity for fiction: there is no truth to be found or discovered in the story of a life; truth must be created. Truth remains a future process, something to look forward to. And if Malraux cannot find his central self (because it does not exist) he must seek his identity in the various fictional selves which he creates. The various masks mediate one another in turn; and each mask is mediated by the outside world – that is, the existing situation and the other consciousnesses partaking in it – while it is enacted. (Elbaz, 1988: 143)

Cruthaíonn an Criomhthanach carachtar darb ainm Tomás sa dírbheathaisnéis. Insíonn sé dúinn na tréithe éagsúla a bhaineann leis agus na heachtraí go raibh sé páirteach iontu. Is laoch beag aige é. Is minic a dhéanann sé scigmhagadh de. Ach is trí chruthú an duine seo a thagann an Criomhthanach ar fhéinaitheantas mar scríbhneoir.

Dar le Seoirse Mac Tomáis d'úsáid Tomás agus Muiris Ó Súilleabháin (an té a scríobh *Fiche Blian ag Fás*) múnlaí agus scéalta ón traidisiún béil ag scríobh dóibh is a rá gur thug siad an dá thraidisiún le chéile, is é sin traidisiún na scéalta agus an traidisiún liteartha:

Ba chéim nua sa litríocht Ghaeilge saothar na scríbhneoirí seo, ach níorbh aon dul ó dhúchas dóibh é. Is é rud a bhí déanta acu na heachtraí a bhí ag gach éinne acu ag gabháil lena bheatha féin, agus iad saothraithe go maith acu mar scéalta cois tine, na heachtraí sin a shníomh le chéile agus saol duine a dhéanamh astu i bhfoirm leabhair. Sa tslí sin, d'éirigh leo, agus go mórmhór le Tomás agus le Muiris an dá chéird, ceard an bhéil agus ceard an phinn, a thabhairt le chéile in aon chéird amháin. Sin é an bua mór atá acu, mar bheadh guth amach as an seansaol ag ceiliúradh dúinn agus é ar tí a mhúchta. (Mac Tomáis, 1977: 8)

Glaonn Seosamh Céitinn ‘nuascéalta’ ar chuid den scéalaíocht atá sa saothar seo. Míníonn sé an téarma seo mar seo:

Scéal is ea é seo ina n-eachtraíonn duine ar a shaol féin agus ar na rudaí a bhain dó i gcaitheamh a shaoil. (Céitinn, 1992: 65)

Is iad na ‘nuascéalta’ seo atá i gceist ag Mac Tomáis thuas agus is iad na scéalta seo, mar gheall air féin, gur chuir mé féin suim iontu san alt seo.

Ní féidir Tomás a fheiscint mar scríbhneoir cruthaitheach amháin dar leis an gCéitinneach, chaithfí an seanchas a bhí ar eolas aige agus atá snoite isteach sa chuntas aige in *An tOileánach* a chur san áireamh. Áitíonn Seosamh Céitinn go mbíonn ‘cruthaitheacht stíle’ ag baint leis na scéalta seanchais sa traidisiún bhéil féin (Ibid 73). Bíodh sé sin mar atá, is dóigh liom gurb é an rud is mó a chruthaigh Tomás Ó Criomhthain ná a fhéinaitheantas féin mar scríbhneoir.

Dírbheathaisnéis atá ann (Céitinn 102) ag deireadh an lae. Bíodh go bhfuil an saothar lán den seanchas agus den chur síos ar shaol sóisialta na mBlascaodach (Ó Héalaí 34). Fós is féidir a áiteamh gur saothar cruthaitheach atá ann. Dar le Céitinn ‘ní leor an téarma ‘dírbheathaisnéis’ féin chun saothar ar nós *An tOileánach* a thuiscint i gceart’ (Céitinn lch. 104). An é nach féidir le cuntas go bhfuil scéalta seanchais agus saol sóisialta an phobail mar chuid mhór de a bheith ina dhírbheathaisnéis? Is cinnte dá mbeadh duine ón gcéad seo ag tabhairt faoi dhírbheathaisnéis a scríobh nach mbeadh scéalta seanchais le fáil ann ná mionchur síos ar thógáil tithe, b’fhéidir. Ach ní duine den sórt sin atá ag scríobh i gcás *An tOileánach*. Baineann na scéalta chomh mór le saol Thomáis agus a bhaineann cúrsaí iascaireachta.

Tá laochas ag baint leis an gcuntas tríd síos agus ag deireadh an leabhair nuair a thráchtann Tomás ar an scríbhneoireacht féin, is gníomh gaisce í féin leis. Is féidir a rá gurb é seo an gaisce (Nic Craith, 1988: 67) is mó a bhaineann le Tomás Ó Criomhthain:

Rud eile, níl tír ná dúthaigh ná náisiún ná go dtugann duine an chraobh leis tar chách eile. Ó lasadh an chéad tine insan Oileán so, níor scríbh éinne a bheatha ná a shaol ann. Fágann san an chraobh ag an té a dhein é. (O. 328)

Ní raibh ar Thomás an *Gemeinschaft* a fhágaint chun teacht ar fhéiniúlacht, murab ionann agus cás an Direánaigh, ní raibh ar Thomás aghaidh a thabhairt ar an *Gesellschaft* mar tháinig an *Gesellschaft* chuige ag baile. Bhí daoine ag dul ar imirce go Meiriceá agus cúpla duine ag teacht abhaile arís cosúil le Máire, deirfiúr Thomáis (Ó Fiannachta, 1998: 82). Tháinig daoine cosúil le Brian Ó Ceallaigh agus Marstrander agus Robin Flower go dtí an tOileán. Thug na daoine seo leo léargaisí ar an saol mór agus chuadar i bhfeidhm ar Thomás agus chuir Brian Ó Ceallaigh, ach go háirithe, ina luí air gurbh fhiú a dhírbheathaisnéis a scríobh. Mar a deir Seán Ó Coileáin: ‘Ní féidir baint leis an saol lasmuigh gan é a bhaint leat.’ (Ó Coileáin, 1998: 42) B’fhéidir a rá go gcuireann Tomás aithne air féin trí shuíle an duine eile, sa chás seo iad siúd a bhí ag plé lena chuid lámhscríbhinní. Éiríonn leis oibiachtú a dhéanamh air féin, é féin a fheiscint mar laoch a scéil féin. Is fíor a rá nach scríobhfadh sé féin, ná éinne eile de scríbhneoirí an Oileáin, leabhar go deo murach an spreagadh a fuaireadar ó dhaoine ón dtaobh amuigh (Ó Fiannachta, 1998: 83-86).

‘Belonging’ agus an pobal beag:

An rud is suaithinsí maidir le ‘community’ dar le Gerard Delanty ná an tslí go mbaineann an duine leis an bpobal beag sin – is coincheap lárnach sa dioscúrsa seo ‘belonging’ dar leis. Baineann Tomás Ó Criomhthain agus Peig Sayers le saol an Oileáin, bíodh gur phós Peig isteach san áit. Cé go mbaineann Éibhlín Ní Shúilleabháin agus a deartháir, Muiris, leis an Oileán chomh maith, tá súil acu siúd ar an saol lasmuigh den Oileán. D’imigh Eibhlín go Meiriceá, d’imigh Muiris go Baile Átha Cliath agus go Conamara. Theastaigh ó Pheig féin dul thar lear nuair a bhí sí óg ach níor éirigh léi imeacht agus is dócha go raibh an dúil sin tráite faoin am gur phós sí fear ón Oileán. Is féidir a rá gur bhain Máirtín Ó Direáin le hOileán Árann. Níor bhain sé le Baile Átha Cliath riamh cé gur chaith sé an chuid is mó dá shaol ann. Is rud é an *Gemeinschaft* go mbaineann daoine leis sa chás seo toisc gurb ionann an *Gemeinschaft* agus an baile dúchais.

Conclúid:

Is léir ón méid atá ráite agam go dtí seo go mbíonn taobhanna dearfacha agus taobhanna diúltacha ag baint leis an n*Gemeinschaft* oileánda agus go bhfuil sé seo le feiceáil go soiléir ar an téacs *An tOileánach*. Is é an príomhdhualgas atá le comhlíonadh agus litríocht na tuaithe á meas againn ná gan idéalú a dhéanamh ar an saol go ndéantar trácht air inti. B’fhuirist parthas caillte a dhéanamh den saol ar an mBlascaod. Ní ligeann Tomás Ó Criomhthain dúinn é sin a dhéanamh, áfach. Cuntas atá ann ar chruatan agus ar shúailcí an tsaoil sin. Agus measctha leis seo go léir tá greann an údair a choimeádann an leabhar éadrom agus soléite.

Liosta Leabhar:

Delanty, Gerard (2003). *Community*. London: Routledge.

Elbaz, Robert (1988). *The Changing Nature of the Self – A critical study of the autobiographical discourse* London: Croom Helm.

Céitinn, Seosamh (1992). *Tomás Oileánach: Fear idir dhá thraidisiún*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Ricoeur, Paul (1988). *Hermeneutics and the Human Sciences*, (ed.) John B. Thompson, England: Cambridge University Press.

Mac Tomáis, Seoirse (1977). *An Blascaod A Bhí*, Má Nuad: An Sagart.

Ní Riain, Isobel (2002). *Máirtín Ó Direáin – Carraig agus Cathair*, Baile Átha Cliath: Cois Life Teo.

Nic Craith, Mairéad, (1988). *An tOileánach Léannta*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Ó Coileáin, Seán (1998). ‘An tOileánach: Ón Láimh go dtí an Leabhar.’ *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2 – Tomás Ó Criomhthain*, Máire Ní Chéilleachair (eag.), An Daingean: An Sagart, 25-43.

Ó Criomhthain, Tomás (2002). *An tOileánach*, Seán Ó Coileáin (eag.), Baile Átha Cliath: Cló Talbóid

Ó Fiannachta, Pádraig (1998). ‘An Spreagadh chun Pinn.’ *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2 – Tomás Ó Criomhthain*, Máire Ní Chéilleachair (eag.), An Daingean: An Sagart, 82-90.

_____(1982). ‘Litríocht Chorca Dhuibhne: Tomás Ó Criomhthain’ in *Léas Eile Ar Ár Litríocht*, Maigh Nuad: An Sagart, 247-265.

Ó Héalaí, Pádraig (1970). “An Bheathaisnéis mar Litríocht.” *Léachtaí Choilm Cille I – Litríocht na Gaeilge*, Pádraig Ó Fiannachta (eag.), Maigh Nuad: An Sagart, 34-40.

Tönnies, Ferdinand, (1963). *Community and Society* (Gemeinschaft und Gesellschaft) (1963), New York: Harper Torchbooks.